Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026**

**CM 2141/26**

**ECOFIN**
**FIN**
**RELEX**
**CADREFIN**
**BUDGET**
**PROCED**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | coreper.2@consilium.europa.eu; ecomp1a.ecpol@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 20 62 / +32 2 281 57 84 |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027<br>**Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 2140/26**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= DEIREADH an nós imeachta i scríbhinn |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 2140/26 an 22 Aibreán 2026, agus ar cuireadh síneadh leis le CM 2140/1/26 REV 1, a thabhairt i gcrích an 23 Aibreán 2026 agus gur vótáil na toscaireachtaí go léir i bhfabhar ghlacadh an Rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, mar a leagtar amach in 5470/26 é;

Sroicheadh an aontoilíocht is gá. Dá bhrí sin, glactar an gníomh thuasluaite.

Atáirgtear an ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Ísiltír, an Ostair, ón bhFionlainn, agus ón tSualainn san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Déanfar an ráiteas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITEAS ÓN MBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN NGEARMÁIN, ÓN BHFRAINC, ÓN ÍSILTÍR, AN OSTAIR, ÓN BHFIONLAINN, AGUS ÓN TSUALAINN

I bhfianaise a phráinní atá riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine, tacaíonn an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ostair, an Fhionlainn, agus an tSualainn go láidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a bhunú go pras. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dúinn gealltanas an Choimisiúin costais seirbhísithe fiachais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin in 2027 a mhaoiniú le hinfhaighteachtaí buiséadacha ar dtús faoi na huasteorainneacha CAI atá ann faoi láthair agus ansin ó ionstraimí speisialta atá ann cheana. Athdhearbhaímid a thábhachtaí atá sé an gealltanas sin a chur chun feidhme go dílis mar chuid den chaibidlíocht maidir le buiséad 2027 agus déanfaimid dlúthfhaireachán ar na forbairtí uile chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán é.